GX921

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

Dioplóma sa Léann Ceilteach

GAEILGE

NG 101 Teanga na Gaeilge (Creidmheas: 2.5)

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Máirtín Ó Briain

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Gach ceist le freagairt.

1 Scríobh aiste ghearr ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas:

(a) Litríocht na Gaeilge.

(b) Cuir an saol in Éirinn i gcomparáid leis an saol i do thír dhúchais.

(c) Inis cén fáth a bhfuil suim agat sa Léann Ceilteach.

(d) Scríobh litir abhaile chuig cara leat faoin mbliain atá caite agat i nGaillimh.

2 Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla:

Ní hé amháin gur spreag scéal Dhiarmada agus Ghráinne údar cumasach anaithnid le dul i mbun pinn uair éigin sa cheathrú nó chúigiú haois deág le *Tóraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* a scríobh, ach spreagadh filí in Éirinn agus in Albain le laoithe, nó dánta, a chumadh faoi eachtraí a bhain leis an scéal tragóideach seo. Is tréith shuntasach de chuid na Fiannaíochta an úsáid a bhaintear as an bhfilíocht le scéalta a insint. Tháinig na laoithe Fiannaíochta go mór chun cinn i litríocht na Gaeilge thart ar dheireadh ré na Meán-Ghaeilge. Bhaintí úsáid de ghnáth as prós roimhe sin mar mheán inste scéalta. Bhí borradh mór ag teacht faoin bhFiannaíocht féin sa dara leath de thréimhse na Meán-Ghaeilge. Cuireadh *Agallamh na Seanórach* i dtoll a chéile am éigin thart ar thús ré na Nua-Ghaeilge. Is iad Caoilte agus Oisín na seanóirí atá i gceist agus de réir an tsaothair mhóir seo mhair siad i ndiaidh na Féinne go haimsir Naomh Pádraig sa chúigiú haois AD. Thaistil siad timpeall na hÉireann in éineacht leis an naomh agus d'inis siad go leor scéalta dó faoi na Fianna.